Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**13064/26**

**ENV 1060**
**ENT 219**
**COMPET 1054**
**IND 538**
**SAN 654**
**CONSOM 258**
**MI 870**
**CHIMIE 114**
**DELACT 146**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 6262 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 11.9.2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le pairifíní clóirínithe meánslabhra |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6262 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 6262 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.9.2026
C(2026) 6262 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 11.9.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le pairifíní clóirínithe meánslabhra**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir do Rialachán (AE) 2019/1021 sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar thruailleáin orgánacha mharthanacha ('POPanna') trí thoirmeasc, céimniú amach a luaithe is féidir, nó srianadh a dhéanamh ar tháirgeadh, ar chur ar an margadh agus ar úsáid substaintí atá faoi réir Choinbhinsiún Stócólm ar POPanna ('an Coinbhinsiún'). Ag an 12ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, a bhí ar siúl i nGinéiv na hEilvéise ón 28 Aibreán go dtí an 9 Bealtaine 2025, rinneadh an cinneadh pairifíní clóirínithe meánslabhra (MCCPanna) a áireamh in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus díolúintí sonracha áirithe ag baint leis sin. Ba cheart an cinneadh sin a léiriú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021.

Leis an ngníomh tarmligthe seo, cuirtear chun feidhme cinneadh SC-12/10 chun pairifíní clóirínithe meánslabhra a liostú in Iarscríbhinn A, i gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/1021.

D'ullmhaigh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) sainchomhad srianta le haghaidh pairifíní clóirínithe meánslabhra i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus tugadh na tuairimí ó Choistí ECHA um Measúnú Riosca (CMR) agus um Anailís Shocheacnamaíoch (CASE) chun críche i mí Mheán Fómhair 2023[1]. Baineadh úsáid as na tuairimí sin mar bhonn le rannchuidiú an Aontais le próiseas eolaíoch an Choinbhinsiúin agus le seasamh an Aontais ag Comhdháil na bPáirtithe.

I gCinneadh SC-12/10, tá liosta díolúintí sonracha a dheonaítear faoin gCoinbhinsiún, lena gcumhdaítear gach díolúine a mholtar i dtuairimí CMR agus CASE. Áirítear sa Choinbhinsiún díolúintí nach moltar sna tuairimí sin, mar shampla le haghaidh úsáidí éagsúla pairifíní clóirínithe meánslabhra in PVC (lena n-áirítear i sreanga agus cáblaí le haghaidh feistí leighis agus feistí diagnóiseacha *in vitro*), sna hearnálacha aeraspáis agus cosanta agus i bpáirteanna spártha áirithe. Tá an Coimisiún den tuairim gur cheart na díolúintí a dheonú do na hearnálacha aeraspáis agus cosanta, d'fheistí leighis agus d'fheistí diagnóiseacha *in vitro* agus do pháirteanna spártha. Molann an Coimisiún freisin díolúintí sonracha breise a chur san áireamh tar éis na mbarúlacha a fuarthas le linn an tsásra aiseolais phoiblí, mar a mhínítear thíos.

Leagtar síos sa Coinbhinsiún gur féidir díolúintí sonracha a cheadú ar feadh 5 bliana, agus an fhéidearthacht ann síneadh a chur leo ar feadh 5 bliana breise. Tá an Coimisiún den tuairim gurb iomchuí 5 bliana a dheonú mar an tréimhse is faide le haghaidh díolúine agus an fhéidearthacht a chur in iúl síneadh a chur léi ar feadh 5 bliana breise ar a mhéad nuair is gá.

Maidir le teorainneacha Rian-Éilleán Neamhbheartaithe (RÉNB), moltar úsáid a bhaint as an teorainn tiúchana a mholtar i dtuairim ECHA (0,1 % de réir meáchain). Meastar go gcuireann an teorainn sin cosc ar úsáid d'aon ghnó agus go bhfuil sí in-fhorfheidhmithe.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát sa ghrúpa saineolaithe ábhartha ('an cruinniú leis na húdaráis inniúla maidir le POPanna') maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe agus cuireadh barúlacha san áireamh.

[1] 3de158a7-8ab9-ba32-be7f-0125bb0174d3

Ghlac páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear an tionscal ceimiceán agus an tsochaí shibhialta, páirt freisin sa phlé maidir le pairifíní clóirínithe meánslabhra a liostú in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le POPanna sa 'chruinniú leis na hÚdaráis Inniúla maidir le POPanna' agus cuireadh barúlacha san áireamh.

Ina theannta sin, áiríodh dhá chomhairliúchán phoiblí i bpróiseas srianta REACH le haghaidh pairifíní clóirínithe meánslabhra, as ar eascair tuairimí CMR agus CASE. Áirítear i dtuairim CASE measúnú socheacnamaíoch ar chostais agus ar thairbhí shrian REACH sa sainchomhad a d'ullmhaigh ECHA. Mheas CASE gur thart ar EUR 4 bhilliún thar 20 bliain a bheadh i gcostais an tsriain (costais a bhaineann le roghanna malartacha a chur in ionad pairifíní clóirínithe meánslabhra den chuid is mó). Mheas CASE go raibh na costais sin inacmhainne don tionscal agus nach raibh coinne le haon tionchar mór ar an bhfostaíocht. Agus na costais shocheacnamaíocha agus na tairbhí socheacnamaíocha á gcur san áireamh, lena n-áirítear na tairbhí a bhaineann le hastaíochtaí ó phairifíní clóirínithe meánslabhra a laghdú, is é conclúid CASE gurb é an srian, arna mhodhnú ag CASE, an beart uile-Aontais is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an riosca.

Rinneadh comhairliúchán poiblí maidir leis an dréachtghníomh trí thairseach an tsásra aiseolais ón bpobal ón 21 Samhain go dtí an 19 Nollaig 2025, agus cuireadh na barúlacha san áireamh mar a leanas.

D'iarr roinnt páirtithe leasmhara go ndéanfaí athruithe ar liosta na ndíolúintí sonracha, chun díolúintí a deonaíodh i gcinneadh Choinbhinsiún Stócólm a chur san áireamh den chuid is mó agus chun idirthréimhse ghinearálta a bheith ann sula dtiocfaidh an toirmeasc i bhfeidhm.

Ní féidir idirthréimhse a dheonú le haghaidh gach úsáide, ós rud é gurb é an 16 Nollaig 2026 dáta theacht i bhfeidhm an leasaithe ar Choinbhinsiún Stócólm le haghaidh an Aontais. Mar sin féin, áirítear sa dréacht díolúine 2 bhliain le haghaidh roinnt úsáidí teoranta a chumhdaítear le díolúintí sonracha a áirítear i gcinneadh Choinbhinsiún Stócólm, agus ar soláthraíodh faisnéis ina leith sa sásra aiseolais (cúir aon-chomhábhair, sreanga agus cáblaí le haghaidh na hearnála tógála agus bratuithe uiscedhíonacha agus frithchreimthe). Fuarthas go leor barúlacha maidir le húsáid pairifíní clóirínithe meánslabhra chun cúir aon-chomhpháirte a mhonarú. Is cosúil gurb iomchuí an díolúine shonrach 2 bhliain chun aistriú chuig roghanna malartacha le haghaidh cúir aon-chomhábhair, de réir na mbarúlacha a fuarthas. Modhnaítear téacs na díolúine maidir le greamacháin, séaltáin agus téipeanna chun go mbeidh sé i gcomhréir le foclaíocht Choinbhinsiún Stócólm.

Rinne roinnt páirtithe leasmhara trácht ar thionchair an toirmisc ar phairifíní clóirínithe meánslabhra ar an athchúrsáil. Thug an Coimisiún díolúine shonrach isteach maidir le cúir aon-chomhábhair a athchúrsáil agus maidir leis an réamhpholaiméir athchúrsáilte a úsáid i gcannaí nua, go ceann tréimhse 5 bliana. De réir na faisnéise a chuir an chuideachta athchúrsála ar fáil, tá gá le 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an toirmisc ar úsáid pairifíní clóirínithe meánslabhra i dtáirgí nua chun a áirithiú gur cuireadh deireadh le pairifíní clóirínithe meánslabhra ón sruth athchúrsála. Comhlánaítear é sin le ceanglais lipéadaithe chun go mbeifear in ann an díolúine sin a fhorfheidhmiú.

Tá pairifíní clóirínithe meánslabhra ann ag leibhéil 1-2 % sa chodán dramhaíola a tháirgtear mar sheachtháirge athchúrsála miotail ó cháblaí agus d'iarr roinnt páirtithe leasmhara RÉNB sonrach gan teorainn ama a shocrú le haghaidh ábhar plaisteach aisghafa ó athchúrsáil miotail ó cháblaí. Is éard atá sa chodán dramhaíola sin den chuid is mó PVC solúbtha a d'fhéadfadh a bheith éillithe ag substaintí leagáide éagsúla (luaidhe, taláití, pairifíní clóirínithe agus lasairmhoillithigh eile). Úsáidtear an t-ábhar aisghafa den chuid is mó i bhfeidhmeanna amhail troscán bóthair. I bhfianaise an chur chuige a glacadh a mhéid a bhaineann le luaidhe i srian PVC (iontráil 63 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le REACH), i gcás nár socraíodh aon

teorainn tiúchana shonrach in PVC solúbtha aisghafa, measann an Coimisiún nach iomchuí RÉNB sonrach gan teorainn ama a shocrú don chás seo. Moltar RÉNB sonrach 2 % le haghaidh an ábhair aisghafa sin ar feadh 2 bhliain, chun am leordhóthanach a thabhairt d'oibreoirí chun oiriúnú agus ceann scríbe difriúil a aimsiú le haghaidh an ábhair nach gcomhlíonann an RÉNB cineálach 0,1 %. Ní bheadh feidhm ag an RÉNB sonrach ach amháin maidir le húsáidí sonracha áirithe den ábhar aisghafa, mar a léirítear sna barúlacha.

D'iarr roinnt páirtithe leasmhara RÉNB ginearálta 3 % w/w a shocrú, mar a bhí i gcinneadh Choinbhinsiún Stócólm, nó cur chuige pairifíní clóirínithe gearrshlabhra (1 % w/w i substaintí agus meascáin agus 0,15 % in earraí) a leanúint. Níor athraigh an Coimisiún an RÉNB ginearálta toisc gur deimhníodh i dtuairim srianta REACH gur féidir 0,1 % w/w a bhaint amach agus a fhorfheidhmiú agus go bhfuil modhanna anailíse ar fáil chun an leibhéal sin pairifíní clóirínithe meánslabhra a bhrath.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe leasaítear an liosta ceimiceán in Iarscríbhinn I ar bhonn forbairtí faoin gCoinbhinsiún, mar a cheanglaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/1021. Is é Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/1021 an bunús dlí atá leis an ngníomh tarmligthe.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11.9.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le pairifíní clóirínithe meánslabhra**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha[1], agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1021, cuirtear chun feidhme gealltanais an Aontais faoi Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha[2] ('an Coinbhinsiún') agus faoin bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha[3] ('an Prótacal').

(2) Tá liosta ceimiceán in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Ceanglaítear ar gach Páirtí sa Choinbhinsiún na ceimiceáin sa liosta a thoirmeasc nó na bearta dlíthiúla agus riaracháin is gá a dhéanamh chun deireadh a chur lena dtáirgeadh, lena n-úsáid, lena n-allmhairiú agus lena n-onnmhairiú.

(3) Le linn an 12ú cruinniú a bhí ag Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún ón 28 Aibreán go dtí an 9 Bealtaine 2025, rinne sí cinneadh, de bhun Airteagal 8(9) den Choinbhinsiún, Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú chun pairifíní clóirínithe meánslabhra a áireamh san Iarscríbhinn sin agus díolúintí sonracha ag baint leis sin. Thacaigh an tAontas le pairifíní clóirínithe meánslabhra a áireamh in Iarscríbhinn A agus díolúintí sonracha ag baint leis sin mar a chinntear i gCinneadh (AE) 2025/868 ón gComhairle[4].

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, ina bhfuil liosta de na substaintí a liostaítear sa Choinbhinsiún agus sa Phrótacal chomh maith le substaintí nach liostaítear ach sa Choinbhinsiún, a leasú chun pairifíní clóirínithe meánslabhra a áireamh.

[1] IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj.
[2] IO L 209, 31.7.2006, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/2006/507/oj.
[3] IO L 81, 19.3.2004, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2004/259/oj).
[4] Cinneadh (AE) 2025/868 ón gComhairle an 23 Aibreán 2025 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 12ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar shíneadh a chur le díolúintí sonracha agus na tograí chun Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú (IO L, 2025/868, 12.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/868/oj).

(5) In 2023, ghlac Coistí na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán um Measúnú Riosca (CMR) agus um Anailís Shocheacnamaíoch (CASE) ('na coistí') a dtuairimí[5] maidir le sainchomhad srianta ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán le haghaidh pairifíní clóirínithe meánslabhra faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Thacaigh CMR agus CASE araon le srian ar phairifíní clóirínithe meánslabhra a chur ar an margadh. Thacaigh CASE le maolú maidir leis na pairifíní sin a chur ar an margadh lena n-úsáid i sreabháin mhiotalóireachta. Áirítear an maolú sin i liosta na ndíolúintí sonracha a dheonaítear faoin gCoinbhinsiún le Cinneadh SC-12/10 ó Chomhdháil na bPáirtithe ('Cinneadh SC-12/10') agus ba cheart é a dheonú mar dhíolúine freisin faoi Rialachán (AE) 2019/1021 ós rud é go bhfuil gá leis fós san Aontas. Baineann sé sin le pairifíní clóirínithe meánslabhra a úsáid mar bhreiseáin dianbhrú i sreabháin mhiotalóireachta a úsáidtear in oibríochtaí miotalóireachta 'tromshaothair' atá teoranta do shuíomhanna gairmiúla nó tionsclaíocha.

(6) Tá díolúintí sonracha sa Choinbhinsiún freisin maidir le húsáid pairifíní clóirínithe meánslabhra nach moltar i dtuairimí na gcoistí. Áirítear leis na díolúintí sin roinnt úsáidí sna hearnálacha aeraspáis agus cosanta, i.e. (greamáin agus séaltáin, téip a úsáidtear le haghaidh nascadh neamhstruchtúrach, bratú borrthach agus péint le haghaidh trealamh spáis agus cosanta agus a phacáistíocht, bratú agus péint chun trealamh spáis agus cosanta a dheisiú agus chun iad a úsáid i bpáirteanna athsholáthair don trealamh sin). Áirítear leo freisin úsáidí eile san earnáil cosanta, i.e. péinteanna agus bratuithe le haghaidh armlóin agus marcáil armlóin chomh maith le feistí cosanta piriteicniúla armlóin. Ní raibh na húsáidí sin ar eolas nuair a glacadh tuairimí na gcoistí. I bhfianaise na tréimhse fada ama is gá chun roghanna malartacha ar phairifíní clóirínithe meánslabhra a shainaithint agus chun substaintí eile a chur in ionad na substaintí sin le haghaidh na n-úsáidí sin sna hearnálacha aeraspáis agus cosanta, ar earnálacha iad atá ardrialaithe, ba cheart na díolúintí a áireamh i Rialachán (AE) 2019/1021.

(7) Áirítear sa Choinbhinsiún freisin díolúintí sonracha maidir le húsáid pairifíní clóirínithe meánslabhra san earnáil leighis agus maidir le páirteanna spártha nach moltar i dtuairimí na gcoistí. Áirítear leis na díolúintí sin an úsáid i sreanga agus i gcáblaí i bhfeistí leighis agus i bhfeistí diagnóiseacha *in vitro*. Áirítear leis freisin úsáidí i bpáirteanna spártha le haghaidh na nithe seo a leanas agus le haghaidh dheisiú na nithe sin: (i) mótarfheithiclí talún agus innealra a úsáidtear sa talmhaíocht, san tógáil, san fhoraoiseacht agus sa tírdhreachú, (ii) trealamh leictreach agus leictreonach le haghaidh feistí leighis, feistí diagnóiseacha *in vitro* agus ionstraimí tomhais, anailíse, monaraíochta, rialaithe, faireacháin, tástála agus cigireachta agus (iii) feidhmeanna aeraspáis agus cosanta. I bhfianaise mhéid teoranta na bpairifíní clóirínithe meánslabhra a úsáidtear i bhfeistí leighis agus i bhfeistí diagnóiseacha *in vitro*, i bpáirteanna spártha agus chun earraí a dheisiú agus i bhfianaise a thábhachtaí

---

5 3de158a7-8ab9-ba32-be7f-0125bb0174d3

6 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

atá sé dífheidhmeacht roimh am na n-earraí sin a chosc, ba cheart na díolúintí a áireamh i Rialachán (AE) 2019/1021.

(8) Tá díolúintí sonracha breise sa Choinbhinsiún freisin maidir le húsáid pairifíní clóirínithe meánslabhra in earnálacha eile. I gcásanna áirithe, tá gá le hidirthréimhse 2 bhliain chun aistriú chuig roghanna malartacha. Dá bhrí sin, ba cheart díolúine shonrach ar feadh tréimhse 2 bhliain a áireamh maidir le pairifíní clóirínithe meánslabhra a úsáid i gclóiríd pholaivinile sholúbtha i sreanga agus i gcáblaí le haghaidh na hearnála tógála, i séaltán polasuilfíde agus i gcúr polúireatáin aon-chomhpháirte a úsáidtear sa séalú le haghaidh doirse agus fuinneog, agus i mbratuithe uiscedhíonacha agus i mbratuithe frithchreimthe. Chun athchúrsáil cúir aon-chomhábhair a éascú, ba cheart an díolúine maidir le hábhar aisghafa ina bhfuil pairifíní clóirínithe meánslabhra a úsáidtear sa séalú le haghaidh doirse agus fuinneog a bheith bailí ar feadh 5 bliana.

(9) Ba cheart gurb é 5 bliana an tréimhse is faide le haghaidh na ndíolúintí, agus an fhéidearthacht a bheith ann síneadh a chur leo ar feadh tréimhse bhreise 5 bliana, i gcomhréir le hAirteagal 4(4) den Choinbhinsiún. Tá sé sin ábhartha go háirithe maidir leis an díolúine le haghaidh péinteanna agus bratuithe le haghaidh armlóin agus marcálacha armlóin, a bhfuil coinne leis go mbeidh níos mó ná 5 bliana ag teastáil ina leith chun an t-ionadú a thabhairt chun críche. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an ngá atá le síneadh a chur leis an díolúine shonrach chun ullmhú do Chomhdháil na bPáirtithe a bhfuil coinne leis go dtionólfar í i mí na Bealtaine 2031, ós rud é nach mór síneadh féideartha a chinneadh ar na díolúintí sonracha maidir le húsáid pairifíní clóirínithe meánslabhra faoin gCoinbhinsiún ag Comhdháil sin na bPáirtithe.

(10) Le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/1021 toirmisctear monarú, cur ar an margadh agus úsáid na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, bídís leo féin, i meascáin nó in earraí. I ndáil leis sin, maidir le hearraí ina bhfuil pairifíní clóirínithe meánslabhra agus a tháirgtear nó a chuirtear ar an margadh faoi dhíolúine a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin agus a bhí in úsáid cheana féin ar dháta éaga na díolúine ábhartha, ba cheart a shoiléiriú go gceadaítear leanúint dá n-úsáid tar éis an dáta sin.

(11) Thairis sin, i gcomhréir le Cinneadh SC-12/10, an díolúine lena gcumhdaítear pairifíní clóirínithe meánslabhra a chur ar an margadh agus a úsáid i bpolaiméirí agus i rubair chun críoch páirteanna spártha le haghaidh (i) mótarfheithiclí talún agus innealra a úsáidtear sa talmhaíocht, sa tógáil, san fhoraoiseacht agus sa tírdhreachú, (ii) feidhmeanna aeraspáis, spáis agus cosanta, (iii) trealamh leictreach agus leictreonach a úsáidtear le haghaidh feistí leighis agus feistí diagnóiseacha *in vitro* agus le haghaidh ionstraimí áirithe, ba cheart an díolúine sin a dheonú go dtí deireadh ré feidhme na dtáirgí ábhartha nó go dtí an 31 Nollaig 2041, cibé acu is túisce. Féadfaidh ré feidhme táirgí i gcuid de na feidhmeanna sin dul thar 2041. Dá bhrí sin maidir le páirteanna spártha le haghaidh na bhfeidhmeanna sin, a bhí i gcríoch an Aontais roimh dháta éaga na díolúine ábhartha nó ar an dáta sin, ba cheart a gcur ar an margadh agus a n-úsáid a cheadú tar éis an dáta sin.

(12) Le Cinneadh SC-12/10 maidir le Páirtithe atá cláraithe le haghaidh díolúine shonrach chun pairifíní clóirínithe meánslabhra a úsáid le haghaidh sreabháin mhiotalóireachta i suíomhanna gairmiúla nó tionsclaíocha a bhfuil córais bhailiúcháin acu agus i mbratú agus i bpéint chun trealamh spáis agus cosanta a dheisiú agus chun iad a úsáid i bpáirteanna athsholáthair don trealamh sin, bunaítear go bhfuil na Páirtithe sin le bearta a dhéanamh chun oibrithe a chosaint. Chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do na

hoibrithe uile, ba cheart an ceanglas sin a leathnú chuig gach díolúine a dheonaítear sa Rialachán seo a chumhdach. Ina theannta sin, ós rud é go bhféadfadh astaíochtaí pairifíní clóirínithe meánslabhra a bheith mar thoradh ar na díolúintí a dheonaítear agus i gcomhréir le cuspóir Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2019/1021 chun scaoileadh truailleán orgánach marthanach a íoslaghdú, ba cheart ceanglas a thabhairt isteach chun astaíochtaí isteach sa chomhshaol ó gach úsáid dhíolmhaithe a íoslaghdú.

(13) Le Cinneadh SC-12/10, spreagtar na Páirtithe chun a cheangal ar mhonaróirí pairifíní clóirínithe laistigh dá ndlínsí faisnéis a nochtadh d'úsáideoirí iartheachtacha maidir le clóralcáin líneacha áirithe $C_{14-17}$ a bheith ina dtáirgí. San Aontas, ba cheart ceanglas den sórt sin a thabhairt isteach le haghaidh monaróirí, soláthróirí agus allmhaireoirí pairifíní clóirínithe ar cheart a cheangal orthu an fhaisnéis a iarrtar a chur ar fáil d'úsáideoirí iartheachtacha ar an mBileog Sonraí Sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán (AE) 1907/2006.

(14) Chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2019/1021 san Aontas a threisiú, ba cheart teorainnluach ginearálta a shocrú i ndáil le pairifíní clóirínithe meánslabhra a bhíonn ann mar rian-éilleán neamhbheartaithe i substaintí, i meascáin nó in earraí.

(15) Ba cheart teorainnluach sonrach rian-éilleán neamhbheartaithe a shocrú ar feadh tréimhse 2 bhliain i gcás pairifíní clóirínithe meánslabhra in ábhar aisghafa ó athchúrsáil cáblaí agus in earraí a tháirgtear leis an ábhar sin, chun dóthain ama a thabhairt d'athchúrsálaithe dul in oiriúint agus láithreacht níos ísle pairifíní clóirínithe meánslabhra a bhaint amach nó chun ceann scríbe difriúil a aimsiú d'ábhar nach gcomhlíonann an teorainnluach ginearálta le haghaidh pairifíní clóirínithe meánslabhra a tharlaíonn mar rian-éilleán neamhbheartaithe. Chun astaíochtaí pairifíní clóirínithe meánslabhra, agus nochtadh daonna dóibh, a laghdú, ba cheart úsáid ábhair aisghafa ó athchúrsáil cáblaí a theorannú do throscán bóthair agus do bhloic chun tacú le fálta.

(16) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú dá réir sin,

(17) Chun go mbeidh feidhm ag an leasú ar Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 an tráth céanna a thiocfaidh an leasú ar an gCoinbhinsiún i bhfeidhm le haghaidh an Aontais, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Nollaig 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11.9.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*